

# Oidhreacht Bhuan: Cartlann Lú ón tréimhse i ndiaidh an tSosa Chogaidh 1921 – 1923


Taispeántas de chuid Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú  
agus  
Cumann Seandálaíochta agus Staire Chontae Lú



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaelacht, Sports and Media



Comhairle Contae Lú  
Louth County Council




Tá rogha míreanna ar marthain sa taispeántas a tarraingíodh go príomha ó bhailiúcháin chartlainne Sheirbhís Cartlainne Chontae Lú. Tá buíochas ar leith ag dul do Donal Hall, PhD, a rinne taighde agus a scríobh an insint mhíniúcháin a ghabhann le gach mír. Ba mhór ag an tSeirbhís dá mbronnfaí aon earraí cartlainne orthu a bhaineann leis an tréimhse (mar shampla, litreacha, grianghraif, dialanna, cuimhneacháin toghcháin) ó dhaoine príobháideacha.

Déan teagmháil le Cartlannaí an Chontae trí ríomhphost [archive@louthcoco.ie](mailto:archive@louthcoco.ie) nó glaoigh ar 042-9324358.

Is mór ag Cartlann Chontae Lú an cúnamh a thug an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a chur maoiniú ar fáil don taispeántas seo faoi thionscnamh Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023.

© Comhairle Contae Lú. Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den taispeántas seo a atáirgeadh ná a tharchur i bhfoirm ar bith gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ó Chomhairle Contae Lú.



## Cooley Cumann na mBan

Desire the pleasure of your company  
at Greenore Assembly Rooms, on  
Tuesday, 20th December, 1921,

to

Welcome Home Our Prisoners.


9.P.M.

Cuireadh ó Chumann na mBan i gCuailgne, 20 Nollaig 1921

(Cartlann Chontae Lú, PP00439/)

Nuair a síníodh an Conradh Angla-Éireannach ar an 6 Nollaig 1921, thosaigh rialtas na Breataine ag scaoileadh saor príosúnach. Fógraíodh pardún do thart ar 5,000 fear a imtheorannaíodh gan chúiseamh. I measc na gcéad daoine a scaoileadh saor bhí na daoine a bhí i ngéibheann i mBaile Coinnleora, Co an Dúin. Ar an 9 Nollaig tháinig na cimí go stáisiún traenach Dhún Dealgan agus tuairiscí ann go ndearnadh luíochán ar na traenacha agus iad ar a mbealach trí cheantair dhílseacha i gCúige Uladh. De réir na dtuairiscí sna nuachtáin bhí thart ar 30 príosúnach as Co Lú i measc na gcéad dreamanna a scaoileadh saor.

Chuir Buíon Eiméid fáilte rompu i nDún Dealgan agus 'foinn náisiúnta' á seinm acu agus iad ag teacht amach as an stáisiún traenach. Tuairiscíodh go raibh cuma mhaith ar na príosúnaigh agus go raibh dea-ghiúmar orthu. Tiomáineadh chuig a dtithe iad i ngluaisteáin, agus na sluaite ar dhá thaobh na sráide ag lígean gáir mholta astu. Chuir sluaite díograiseacha fáilte roimh phríosúnaigh ó dheisceart Lú agus na Mí ag stáisiún traenach Dhroichead Átha, agus an oíche sin bhí Cnoc Thulaigh Easra agus cnoic eile ar lasadh le tinte cnámh, agus bairillí tarra ar bharr amháin lasrach in go leor áiteanna ar an mbaile.




PP00231/004/001

## SECOND-HAND REVOLVERS IN STOCK

### ALL IN PERFECT ORDER.

**LOT 9**  
 Webley, (mark 5 and mark 6) British Service Revolver, '455 Calibre 6 inch barrel. Automatic Ejector.  
 100 in stock, Price.....each



**LOT 10**  
 Webley (mark 1, 2, 3, & 4.) British Service Revolvers '455 Calibre 4 inch barrel. Automatic Ejector.  
 800 in stock Price.....each



**LOT 23**  
 Very fine well finished Spanish made Revolver Automatic Ejector, made for the British Government during the Great War in 1914. '455 Calibre All Blued. 5 inch Barrel. As Illustrated.  
 All are practically new.  
 2,200 in stock, Price..... each

**LOT 11**  
 Webley, Bulldog Solid Frame British Service Revolver. '455 Calibre R.I.C. Pattern. 3 inch barrel.  
 250 in stock, Price..... each



**LOT 14**  
 Special pattern Hammerless Automatic Ejector Revolver, takes '38 S. & W. Cartridge. 3½ inch barrel. All blued as Illustrated. All as New,  
 420 in stock. Price..... each

**LOT 17** 500,000 '455 Calibre British Service Revolver Cartridges, loaded with smokeless powder in good condition. Packed in tin lined cases of 1,000 & 2,000 Price..... per 1,000.

**LOT 12 & 13** We have in stock about 100 each Colt and Smith and Wesson Service Revolvers. '455 Calibre, blued. 5½ and 6 inch barrel. Price..... each

ALL ABOVE GOODS PACKED AND DELIVERED F. O. B. BELFAST.

Bhí an t-armra a bhí ag na hÓglaigh go dona ó thaobh cainníochta agus cáilíochta de. I ndiaidh scoilt 1914, choinnigh Óglaigh Náisiúnta na Réamonnach na hairm a bhí bailithe cheana féin, rud arbh ionann agus thart ar 186 raidhfil. Ag druidim le Cáisc 1916, ní raibh d'airm ag Óglaigh na hÉireann den chuid is mó ach gunnaí gráin agus roinnt gunnán.

Nuair a slógadh Óglaigh Dhún Dealgan in 1916, mháirseáil siad go Baile Átha Fhirdhia agus ghabh siad ocht raidhfil is daichead agus armlón nua-aimseartha. Idir an dá linn, géilleadh go deonach do Chonstáblacht Ríoga na hÉireann (CRÉ) daichead raidhfil a bhí i seilbh na nÓglach Náisiúnta i nDún Dealgan. Ba rud dochreidte é gur thug an CRÉ ar ais iad i mí Eanáir 1917.

Fuair ÓnaÉ sa Lú an chuid is mó dá gcuid arm le linn Chogadh na Saoirse trí ruathair ar scála beag agus an cleachtas contúirteach a bhain le hairm a sciobadh ó fhir an CRÉ.

Ba é an urghabháil arm ba rathúla ag brainse an Lú d'ÓnaÉ sa tréimhse sin 20 raidhfil nua-aimseartha Lee-Enfield ag calafort an Ghrianfoirt in 1920, coinsíneacht ar thug ÓnaÉ Ard Mhacha 'tabhartas ó Dhia' air nó bhí a laghad céanna arm acusan nuair a bunaíodh 4ú Rannán an Tuaiscirt i lár na bliana 1921. Ag am an tSosa Chogaidh i mí Iúil 1921, dar le Frainc Ó hÁgáin, bhí 1,200 fear ag 4ú Rannán an Tuaiscirt ach ní raibh ach trí raidhfil is tríocha acu.



(21) Dúndalk  
Oct 7 20.

Dear Sir

Please attend a  
meeting of Justices to be  
held at 4 Seaton  
Place Dúndalk on  
Sunday 10<sup>th</sup> at 2.30<sup>pm</sup>  
to select five members of  
District Court for County  
Down fully  
Sinn Féin  

---

Séamus Ó Súilleabháin

Bhain ceann de na tuairiscí ba thúisce a thug cúirteanna poblachtacha i gContae Lú le cás gadaíochta a éisteadh i nDún Dealgan ar an 6 Iúil 1920. I dtrátha an ama chéanna, tuairiscíodh go raibh 'Cúirteanna na nÓglach' i bhfeidhm le linn na rásaí i mBaile an Bheileogaigh, Contae na Mí, gar do Dhroichead Átha, agus gur éisteadh dhá chás ar leith, ceann amháin as ionsaí agus an ceann eile as gadaíocht i gCeann Chlochair agus i nGráinseach an Dísirt i gContae Lú.


Go gairid ina dhiaidh sin, tionóladh 'an chéad chúirt oifigiúil de chuid Dháil Éireann i nDroichead Átha' i seomraí tionóil Bhardas Dhroichead Átha ar an 11 Lúnasa 1920, agus thagair an cás do dhíol bainne ar baineadh a shailte de go mídhleathach. I ndiaidh an fhústair ghairid sin de ghníomhaíocht phoiblí, thráigh tuairiscí nuachtáin go dtí i ndiaidh an tsosa chogaidh i mí Iúil 1921.

I nDeireadh Fómhair 1921 thug an CRÉ faoi deara go raibh cúirteanna na Dála i bhfeidhm agus ar an 10 Samhain 1921 thug siad ruathar faoi shuí cúirte i halla baile Dhún Dealgan agus bhagair siad go scaipfí le lámh láidir an tionól a cuireadh ar atráth 'gan ceapadh lae'

Shuigh cúirteanna poblachtacha go hoscailte agus go rialta i mBaile Átha Fhirdhia, Droichead Átha agus Dún Dealgan, Co. Lú, ó mhí Feabhra 1922.

Litir Chúirteanna na Dála dar dáta 7 Deireadh Fómhair 1920 ag iarraidh go dtionólfai cruinniú na mBreithiúna ag 4 Plás Bhaile na Mara, Dún Dealgan an 10 Deireadh Fómhair 'le cúigear ball den chúirt dúiche a roghnú don chontae' (Cartlann Chontae Lú, PP00439/)





**Imlitir Dhúiche Thuaisceart Lú Shaorstát na hÉireann 'Chuig Breitheamh gach Cúirte Dúiche' dar dáta 22 Nollaig 1921 ó PS Bairéil, Cláráitheoir, Plás Mhic Liam, Dún Dealgan, ag fógairt suí den 'chúirt thuasluaite' i Seomra an Bhoird, Halla an Bhaile, Dún Dealgan 'Déardaoin seo chugainn'. (Cartlann Chontae Lú, PP00439/)**

Bhí Pádraig Seosamh Bairéil gníomhach le hÓglaigh na hÉireann i nDún Dealgan ó 1914 agus ghlac sé páirt in Éirí Amach 1916. Ina dhiaidh sin ghlac sé páirt i móroibríocht uile ÓnaÉ i gContae Lú agus chaith tréimhsí fada i bpríosún idir 1916 agus 1921 nuair a bhí an tsláinte go dona aige de bharr dul ar stailc ocrais.

Is léir gur mheas na húdaráis gur bhagairt mhór é, bhí sé ar dhuine den triúr a gabhadh i gContae Lú de bharr 'Phlota na Gearmáine' in 1918.

Bhí sé ina chláráitheoir do chúirteanna na Dála idir an Sos Cogaidh in Iúil 1921 agus tús an Chogaidh Chathartha i Meitheamh 1922.

Ghlac sé an taobh a bhí ar son an Chonartha sa Chogadh Cathartha agus rinne sé seirbhís san Arm Náisiúnta, cé nár ceapadh go foirmiúil é mar oifigeach. Níor aithin bord na bpinsean a sheirbhís mar oifigeach in ÓnaÉ le linn Chogadh na Saoirse agus an Chogaidh Chathartha. Bronnadh pinsean ar Phádraig Bairéil ag céim saighdiúir singil, arbh ionann é agus £18 18s. 6d. sa bhliain.

In aimsir shíochána fostaíodh é mar chigire loinge i nDún Dealgan agus fuair sé bás nuair a bhí sé cúig bliana is caoga d'aois in 1946.

Léiríonn go leor de na taifid iarratais ar phinsean a bhaineann le Lú gur chaith iar-Óglaigh a saol ar an ghannchuid, agus is beag iarratas ar phinsean de chuid Chumann na mBan ar éirigh leo. Cé go raibh sé suarach go leor, bónas ab ea pinsean ÓnaÉ, a gcuirtí fáilte roimhe, le linn na mblianta a lean an neamhspleáchas.



MARCH, 1922.

At a Meeting held in Ardee, the 21st day of March, 1922, the following Committee was formed to raise funds for the maintenance of a Police Force in the Brigade Area for the coming 3 months (*i.e.*, until such time as the Civic Guard comes into force).

Sir EDWARD BELLINGHAM.	JOSEPH T. DOLAN.
Col. C. M. O'REILLY.	CHAS. MCKEEVER.
T. L. MCGEE.	JOHN W. MCKEEVER.
BERNARD McARDLE.	J. T. MCGEE
J. G. MCKEEVER.	J. C. KIERAN.

*Treasurers :*

JOSEPH T. DOLAN, T. L. MCGEE, JOSEPH G. MCKEEVER.

A sum of £2,400 is required for the payment, maintenance and transport of a Force of 60 Police in the 9th Brigade Area, half of which has been apportioned to the Ardee District.

The Committee are of opinion that the amount you should subscribe for the above purpose is £

The Committee have already subscribed £200.

TEMPER, DUNDALK.


I mí Eanáir 1922 bhunaigh fórsa póilíneachta nua a cheanncheathrú i halla an bhaile i nDún Dealgan, faoi smacht TJ Clancy. Is ó Chnoc an Mhargaidh, Contae Ard Mhacha go Baile Átha Fhirdhia, a shín a bháillcheantar, má b'fhíor. Ar an 20 Márta, bunaíodh fórsa póilíneachta, ar íocadh as trí ranníocaíochtaí deonacha ó fhir ghnó i nDroichead Átha, agus é mar aidhm uailmhianach aige deisceart Lú ar fad a chlúdach ó Dhroichead Átha go Dún Léire agus gan ach dáréag fear ann.

An lá dár gcionn, d'eisigh fir ghnó Bhaile Átha Fhirdhia achomharc ar mhaoiniú, ag lorg maoiniú do 60 póilín ar feadh trí mhí, go dtí go dtiocfadh an Garda Cathartha.

I ndiaidh na scoilte in ÓnaÉ i Márta 1922, cuireadh deireadh leis an bhfórsa póilíneachta i nDún Dealgan, agus tháinig grúpa sibhialtach, fir ghnó den chuid is mó, le chéile ar an 4 Bealtaine, agus d'aontaigh siad fórsa nua ar a dtugtar na Póilíní Cathartha a mhaoiniú. Chuir an rialtas i gcoinne na forbartha seo agus bhog siad chun smacht ar phóilíneacht a chur i lámha O/C 4ú Rannán an Tuaiscirt, Frainc Ó hÁgáin.

Nuair a bunaíodh feidhmeannas ÓnaÉ a bhí in aghaidh an Chonartha, bhris an garastún ag Cnocán an Mhuilinn leis an CCG, agus cuireadh tús arís le baghcat Bhéal Feirste. Sna cúig mhí ina dhiaidh sin go dtí tús an Chogaidh Chathartha, i nDroichead Átha amháin, rinne ÓnaÉ a bhí in aghaidh an Chonartha seasca ruathar ar an iarnród de bhun bhaghcat Bhéal Feirste. Bhí gabháil shealadaigh ÓnaÉ, a bhí i mbun bhaghcat Bhéal Feirste a chur i bhfeidhm i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Cliath, ar cheann de na rudaí ar ball a chuir tús leis an Chogadh Cathartha i Meitheamh 1922.

**Nóta iarratais ar shíntiús ó Phóilíní Bhaile Átha Fhirdhia, Márta 1922** (Cartlann Chontae Lú, PP00082/)



## LOUTH-MEATH PARLIAMENTARY ELECTION,

**FRIDAY, JUNE 16th, 1922.**

8 a.m. to 9 p.m. (New Time).

Your Number is.....

You Vote at.....

To Vote Properly mark your Ballot Paper by putting the **Figure 1** opposite the Name **O'SHANNON**.

	<b>Duggan,</b> Edmund,	Solicitor.
	<b>Hughes,</b> Peter,	Publican and Farmer.
	<b>M'Kenna,</b> Justin Charles	Solicitor.
	<b>Murphy,</b> James Edward	Draper.
	<b>O'Kelly,</b> John Joseph	Journalist.
<b>1</b>	<b>O'Shannon,</b> Cathal	Assistant Secretary Irish Transport and General Workers' Union; Editor "The Voice of Labour."

### **Give your First Vote to O'SHANNON.**

You'll find his name at the bottom of the list.

Vote by placing the figure 1 opposite **O'SHANNON'S NAME**.

Don't put an X or cross or any writing on the Ballot Paper.

If you like you **can** vote for other Candidates **after** voting for O'Shannon.

But make sure you Vote **for him First**.

You Vote for others by putting the figures 2, 3, 4, or 5 opposite the other names according to your own choice.

Don't put **two** figures before one name.

**But—put your 1 opposite O'Shannon's Name.**

Printed at "Democrat" Offices, Dundalk, and Published by the Candidate.

Ba é toghchán mhí an Mheithimh 1922 an chéad olltoghchán a reáchtáladh in Éirinn na críochdheighilte, agus measadh go forleathan ina thomhas é chun glacadh an phobail le téarmaí an Chonartha Angla-Éireannaigh nó diúltú dóibh a mheas.

In iarracht dheireanach chun cur in aghaidh scoilte, chuir Sinn Féin (SF) painéal aontaithe iarrthóirí chun tosaigh, ag léiriú go sainráite cé acu a thacaigh siad leis an gConradh nó nár thacaigh.

Seisear iarrthóirí a fuair cúig shuíochán i ndáilcheantar Lú/na Mí:

Cathal Ó Seanáin don Lucht Oibre

Éamonn Ó Dúgáin, Peadar Ó hAodha (ag dul as oifig), Saerbhreathach Mac Cionnaith, agus Séamas Mac Murchaidh (ag dul as oifig) le haghaidh SF ar son an Chonartha

J.J. Ó Ceallaigh (ag dul as oifig) le haghaidh SF in aghaidh an Chonartha

Fuair Ó Seanáin an vóta is airde le 13,994 vóta céadrogha, dhá oiread vóta na n-iarrthóirí eile ar éirigh leo – Ó Dúgáin (SF ar son an Chonartha, 6,990), Ó Ceallaigh (SF in aghaidh an Chonartha, 5,773), Ó hAodha (SF ar son an Chonartha 4,282) agus Mac Murchaidh (SF ar son an Chonartha, 3,367).

Suíochán amháin a bhí ann don Lucht Oibre, trí cinn do SF ar son an Chonartha agus ceann amháin do SF in aghaidh an Chonartha.

Sa dáilcheantar ina iomláine, as 36,501 vóta bailí a caitheadh, is chuig iarrthóirí a bhí ar son an Chonartha a chuaigh 30,768 nó 84.2 faoin gcéad de na céadroghanna.

**Toghchán Parlaiminte Lú na Mí, 16 Meitheamh 1922 – bileog bholscaireachta do Chathal Ó Seanáin Lucht Oibre**  
(Cartlann Chontae Lú, PP00439/)






**Grianghraf de gharastún frith-chonartha ag Cnocán an Mhuilinn, Meitheamh 1922,**  
(arna atáirgeadh le caoinchead ó Chumann Shean-Droichead Átha)

Aslonnaíodh beairic Chnocán an Mhuilinn i nDroichead Átha i mí Eanáir 1922 agus cuireadh aonaid áitiúla de ÓnaÉ ar garastún iontu. Ar an 26 Márta 1922, thionóil baill frith-chonartha de ÓnaÉ coinbhinsiún i dTeach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath, agus bhunaigh siad a bhfeidhmeannas airm féin. D'fhógair garastún Chnocán an Mhuilinn ar son an fheidhmeannais frith-Chonartha.

Ar an 29 Bealtaine maraíodh an Captaen Séamas Ó Flannagáin as garastún Chnocán an Mhuilinn i stáisiún traenach Bhaile Mhic Gormáin nuair a malartaíodh urchair le linn iarracht a dhéanamh beirt Dhúchrónach a robáil. Dhiúltaigh garastún Chnocán an Mhuilinn comhoibriú leis an Arm Náisiúnta maidir le hionchoisne nó corp Uí Fhlannagáin a scaoileadh saor chuig na húdaráis. Rinneadh fiosrúchán inmheánach ag na poblachtánaigh i gcúirt iata, agus cuireadh na torthaí chuig feidhmeannas ÓnaÉ frith-Chonartha

sna Ceithre Cúirteanna. Adhlacadh Séamas Ó Flannagáin i nDroichead Átha ar an 30 Bealtaine, le lánonóracha míleata ag ÓnaÉ frith-Chonartha. Agus an tsochraid ar a bealach trí Dhroichead Átha, rinne trúpaí an Airm Náisiúnta cúirtéis dó.


Idir mí an Mhárta agus tús an Chogaidh Chathartha ag deireadh mhí an Mheithimh 1922, i nDroichead Átha amháin, rinne ÓnaÉ frith-Chonartha seasca ruathar ar an iarnród de bhun bhaghat Bhéal Feirste. Bhí gabháil shealadaigh ÓnaÉ, a bhí i mbun baghat Bhéal Feirste a chur i bhfeidhm i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Cliath, ar cheann de na rudaí ar ball a chuir tús leis an Chogadh Cathartha i Meitheamh 1922.



<p>Malicious Injury Claims. to be defended.</p>	<p>A large number of Malicious Injury claims in connection with the recent destruction of property in the Borough by Crown Forces and with the Belfast Boycott have been served upon the Town Clerk, the total of which amount to £17,882:6:6.</p> <p>We recommend that the Law Agent be instructed to take the necessary steps to defend these claims.</p>
<p>Claim for damage to Police Clock &amp; Police Reservoir</p>	<p>We have also given directions for Malicious Injury claims to be lodged for damage to the Tholsel block and Rosehall Reservoir.</p> <p style="text-align: right;">Dated</p>
<p>1922 June, 6th.</p>	<p style="text-align: right;">794</p> <p>Dated 29th May, 1922. P. O'Muireagain, Chairman"</p> <p>Upon the motion of Councillor Davis, seconded by Councillor Webster the Report was unanimously adopted.</p>

**Cóip den iontráil i leabhar miontuairiscí Bhardas Dhroichead Átha ar an 6 Meitheamh 1922 maidir le héilimh i leith díobháil mhailíseach a taisceadh le cléireach an bhaile arbh ionann é agus £17,882:6:6 (Cartlann Chontae Lú, DC/MB/)**

Maraíodh Constábla an CRÉ Benjamin Bently i nDroichead Átha ar an 30 Aibreán 1922, ag fir as garastún Chnocán an Mhuilinn, is dócha. Oíche an 2 Bealtaine, rinne dhá leoraí dhéag d'fhir an CRÉ a bhí ag fanacht ar dhíshlógadh i mBaile Mhic Gormáin ionradh ar Dhroichead Átha agus rinne siad damáiste mór struchtúrtha do lár an bhaile. Rinneadh éilimh ar dhamáistí arbh fhiú os cionn £17,000 iad a thaisceadh ina dhiaidh sin le Bardas Dhroichead Átha. I ndiaidh cruinnithe inar admhaigh an garastún nach bhféadfadh siad sábháilteacht ó ruathair eile a dhearbhu do Dhroichead Átha, d'impigh Bardas Dhroichead Átha cabhair ón rialtas Sealadach a chuir trúpaí chun bealaigh ón Arm Náisiúnta nuabhunaithe an lá dár gcionn, faoi Phadaí Ó Dálaigh agus an fear áitiúil Frank Thornton. Dhiúltaigh garastún Chnocán an Mhuilinn a bpost a ghéilleadh, agus in áit troid lámhaigh a dhéanamh, lean leamhsháinn idir trúpaí an Airm Náisiúnta agus trúpaí Poblachtacha i nDroichead Átha ar feadh beagnach dhá mhí.







**Trúpaí an Airm Náisiúnta ag Cnocán an Mhuilinn 4 Iúil 1922**  
(ó bhailiúchán cartlainne Halla Bhreandáin, Cartlann Chontae Lú, PP00438/)

Phléasc an troid i nDroichead Átha ar an 29 Meitheamh nuair a rinneadh ionsaí trom ar phoist de chuid an Airm Náisiúnta ag Dún an Gheata Thiar, Dún na Cé Theas agus líne chosanta an airm thart ar Chnocán an Mhuilinn. Lámhachadh Liam Ó Maolmhaadhóg, as garastún Chnocán an Mhuilinn, ar Chnoc Phitséir, agus gortaíodh an tÓglach Seán Ó Loingsigh a bhí ar seirbhís san arm agus arbh as Co na Mí é agus fuair sé bás in Ospidéal an Chotáiste.

Ar an 4 Iúil, i ndiaidh titim na gCeithre Cúirteanna, sheol an tArm Náisiúnta foláireamh deiridh ag éileamh go ngéillfeadh Cnoc an Mhuilinn gan choinníoll. Ag 9.15 r.n. cuireadh tús leis an mbuamáil. Sliogadh an túr agus na foirgnimh agus séideadh bearna sa bhalla seachtrach. Faoin am ar ghabh aonaid airm Cnocán an Mhuilinn, bhí sé tréigthe ag an ngarastún poblachtach

Maraíodh Iníon Alice Ní Shluaigh, as Sráid an Aonaigh, Droichead Átha trí thimpiste ar an 4 Iúil ag patról de chuid an Airm Náisiúnta agus tuairiscíodh gur gortaíodh cúigear sibhialtach eile, an Méara Pilib Ó Monacháin ina measc.





**Ceadú ginearálta Óglaigh na hÉireann chun taisteal a d'eisigh Oifig na gCeadanna Míleata, Dún Portobello, Baile Átha Cliath, chuig Tomás Mac Ruairí ó 4ú Rannán an Tuaiscirt, an 7 Iúil 1922 (Cartlann Chontae Lú, PP00433/)**

Nuair a bhris an troid amach i mBaile Átha Cliath agus i nDroichead Átha, ba é freagra Uí Ágáin ná ÓnaÉ a bhí ar son an Chonartha agus iad siúd a bhí in aghaidh an Chonartha i dtuaisceart Lú a aontú faoi scáth na neodrachtá.

Scríobh Ó hÁgáin chuig Ó Maolchatha ag lorg sos cogaidh láithreach. Thug sé foláireamh dá leanfadh an cogadh ar aghaidh go mbeadh coimhlint níos leithne ann 'in aghaidh na bpoblachtánach a bhí in aghaidh an Chonartha.'

I ndiaidh na litreach le cruinniú duine le duine ag Risteárd Ó Maolchatha. Mhaígh Ó hÁgáin nach n-ionsódh sé fórsaí frith-Chonartha dá n-ordófaí é, ná nach dtroidfeadh sé in aghaidh an rialtais mar go scriosfadh sé sin an tír gan aon dul chun cinn a dhéanamh don Phoblacht. Le cead Uí Mhaolchatha chuaigh sé ansin go Luimneach, áit a raibh an troid i ndiaidh tosú, in iarracht sos cogaidh a shocrú idir fórsaí frith-Chonartha Liam Uí Loingsigh agus an t-arm Náisiúnta faoi Mhicheál Ó Braonáin.

Chuaigh Tomás Mac Ruairí as Dún Dealgan in éineacht leis go Luimneach, a ndearna finné amháin cur síos air mar chrann taca Uí Ágáin ag an bpointe seo. Is é seo an pas taistil a d'eisigh údaráis an Airm Náisiúnta a thug coimirce aistir do Mac Ruairí ar an misean go Luimneach.

Faoin am ar tháinig Ó hÁgáin agus Mac Ruairí go Luimneach, bhí margadh síochána neamhbhuan socraithe ach a bhí neamhéifeachtach ar deireadh. D'ordaigh ceann foirne an Airm Náisiúnta Eoin Ó Dufaigh d'Ó hÁgáin dul ar ais go Dún Dealgan le treoracha déileáil leis na fórsaí frith-Chonartha i dtuaisceart Lú. Faoin am ar tháinig Ó hÁgáin agus Mac Ruairí ar ais go Dún Dealgan ar an 14 Iúil 1922, bhí 4ú an Tuaiscirt tite as a chéile le míshástacht.



The Prison,  
Dundalk.  
17/7/22.

I beg to report that armed forces, who afterwards turned out to be Free State Troops, forcibly entered this Prison at about 6 a.m. this morning. I attach report of the Acting Steward who was in charge of the Prison at the time. I wish to point out that I received no notification whatsoever of the intention of the Free State Troops, and as I had obtained a guard from the Military Barracks, which I understood was occupied by Free State Troops, I gave instructions that should any armed forces attempt to obtain admittance to the Prison, they should be frustrated in every way. The Acting Steward and Chief Warden therefore only carried out my orders.


The two back gates were smashed in, but have since been temporarily repaired, and the side door leading into the Hall broken to pieces.

I respectfully submit that if the Authorities knew that the troops in this town were irregulars posing as Free State Troops, I as Governor of the Prison should have received some confidential information to that effect. This would have entirely obviated this unfortunate occurrence.

*[Handwritten Signature]*  
Governor.

Go moch ar maidin an 16 Iúil 1922, rinne an Ginearál Dónall Ó hÓgáin ionradh ar Dhún Dealgan agus chuir sé Ó hÁgáin, a chuid oifigeach agus an chuid is mó de 4ú Rannán an Tuaiscirt i bpríosún.

Thug Ó hÁgáin fir ar uairibh roimhe sin le cuidiú leis an bpríosún a ghardáil, agus nuair a tharla an t-ionradh, chuir foireann an phríosúin glaoch ar bheiric an airm ag lorg cúnaimh ó Ó hÁgáin. D'fhreagair guth neamhchoitianta fón na beairice a thug foláireamh d'fhoireann an phríosúin go raibh Dún Dealgan faoi ionsaí, ach ní raibh siad cinnte cé aige, mar sin cuireadh an príosún faoi dhianghlasáil. Ansin bhrúigh trúpaí an Airm Náisiúnta a mbealach isteach sa phríosún, agus iad ag iarraidh príosúnaigh a chur faoi choimeád. Rinne an Gobharnóir de Brú gearán go ndearna trúpaí an rialtais damáiste do chreatlach an phríosúin, agus gur cheart go gcuirfí in iúl dó go raibh amhras faoi dhílseacht Uí Ágáin agus a chuid fear.



# Oglaigh Na h-Eireann.

## 4th NORTHERN DIVISION.

TO THE CITIZENS OF LOUTH, DOWN AND ARMAGH,

A new position has been created in this area by the Invasion of Troops acting under G.H.Q., Portobello Barracks, the Arrest of our Divisional Commandant and the Imprisonment of Six Divisional Officers, and we ask the moral and material support of all Citizens in meeting the new situation.

The I.R.A. in this Division has been kept intact, and refused to allow itself to be made use of by any Political Party. Our Object has been to secure the Unity of the Nation, to avoid Civil War and the Horrible Sight of Comrades who Fought Side by Side during the English Reign of Terror shooting each other down. Our efforts have always been on the side of Army Unity, and even at the time of his arrest our Divisional Commandant was engaged in the noble task of trying to bring an end to the present Fratricidal Strife, endeavouring to Secure a Truce and an Honourable Agreement so as to wring from England—the Common Enemy—our Just Demands in the present circumstances.

Though our Organization has been almost entirely maintained in the area by the personal sacrifices, pecuniary and otherwise, of our Officers and Men, we claim to have fulfilled our guarantees—to Headquarters of both sections of the Army—to keep the peace of the District and afford to every Citizen the protection to which he is entitled.

On the shoulders of the men responsible for the recent unnecessary display of force must rest the entire blame of its calamitous results.

The Morale and Unity of the Army in the Division is still secure, notwithstanding the sinister Form of Conscription of our men attempted, and we confidently claim the support of every true Irish Citizen in maintaining our Forces Independent of any Political Clique.

Signed,

EXECUTIVE OFFICERS,


FOURTH NORTHERN DIVISION I.R.A.

I ndiaidh ionradh agus gabháil Dhún Dealgan ar an 16 Iúil, díotháíodh 4ú Rannán an Tuaiscirt. Gabhadh an chuid is mó dá chuid oifigeach, cuireadh os cionn 100 fear isteach i bpríosún Dhún Dealgan, agus liostáil an líon céanna san Arm Náisiúnta. Iad siúd ar éirigh leo gabháil a sheachaint, d'eisigh siad an paimfléad seo ag agóid faoin drochbhail a cuireadh orthu i lámha an rialtais.

Bhí na líomhaintí a rinneadh sa phaimfléad seo ceart ó thaobh na bhfíricí de.

De réir mar a d'imigh an t-am orthu, d'aontaigh Ó hÁgáin agus 4ú an Tuaiscirt eatarthu féin a gcuid arm a dhumpáil, agus dá mba ghá imeacht as Dún Dealgan go síochánta. Bhí an chuid is mó de na hairm dumpáilte cheana féin ach ní bhfuair siad an deis aslonnaithe sin riamh, agus ní nach ionadh tarraingíodh 4ú an Tuaiscirt isteach sa Chogadh Cathartha ar thaobh lucht an fhrith-Chonartha.

Is dócha, le cur chuige difriúil, go n-imeodh Ó hÁgáin agus 4ú an Tuaiscirt as Dún Dealgan go síochánta agus go dtiocfadh Co Lú slán ón tráma agus ón scrios a rinneadh sa dá mhí dhéag ina dhiaidh sin.



### Dundalk General Register of Prisoners (NAI/PRIS/1/16/1) – Transcript of Escaped Prisoners 27<sup>th</sup> July 1922

The following is a transcript extract from the Dundalk General Register of Prisoners (NAI/PRIS/1/16/1) detailing escapees on 27 July 1922 showing data under selected column headings. The data in the 'offence' column (omitted from this transcript) recorded 'detained in military custody' for all entries shown below.

Those names marked with an asterisk under the number column, have the suffix 'C' on the National Archives file JUS/H/78/64 'Attack on and capture of Dundalk Prison by Irregulars', which is taken to indicate that they did not escape.

Spellings of addresses have been corrected, suggested completions are in brackets, and a few that have not been interpreted are in square brackets. 'S/A' refers to same address.

No	Names	Age	Where Born	Last Residence	Next-of-kin with Name and Address	Trade or Occupation	Date of Committal on Remand	Court from which Committed	Further Remarks
229	Harty, Michael	18	Dundalk	Dundalk	Mother: Maggie, S/A	Boilermaker	16/07/22 02/08/22	Comdt. General Hogan, 5th Northern Division	Rescued from custody 27/7/22. Re-captured 2/8/22
230	Sweeney, Eugene	29	Vincent Avenue, Dundalk	4 Stapleton Pl, Dundalk	Father: John, S/A	Postal Official	17/07/22	Do	Rescued 27/7/22 Re-captured 28/07/22
231	O'Hare, Andrew	26	Newry	Military Barracks Dundalk	Wife: Lilly, 8 Eglinton Tce, Donnybrook	Soldier	17/07/22 28/07/22	Do	Rescued 27/7/22 Re-captured 28/07/22
232	Quinn, Patrick	22½	Liverpool	Military Barracks Dundalk	Father: John, Address not given	Student	17/07/22	Do	Do
233	Boyle, Peter	25	Camlough	Military Barracks Dundalk	Nil	Soldier	17/07/22	Do	Do

### Sliocht as Clár na bPríosúnach i nDún Dealgan a thaispeánann ainmneacha éalaitheach 27 Iúil 1922 (arna atáirgeadh le caoinchead ó Stiúrthóir Chartlann Náisiúnta na hÉireann, NAI-PRIS-1-16-1)

Is eol do chách na fíricí faoin éalú 'Poll sa Bhalla' a rinne 105 príosúnach poblachtach i ndiaidh pléascadh ag an mballa teorann in oibríocht a beartaíodh ag Seán Mac Aodha.

Ní raibh cúrsaí go maith sa phríosún. Sa choicís roimh an ionradh ar Dhún Dealgan ar an 16 Iúil, bhí dhá éalú ón bpríosún a rinneadh faoin bhagairt an fhoréigin seachas faoin bhforéigean i ndáiríre. An oíche roimh an éalú 'Poll sa Bhalla' rinne an gobharnóir gearán go raibh sé freagrach as 134 príosúnach agus gan ach seacht mball déag ar a fhoireann, go leor acu nach raibh taithí acu agus thug sé rabhadh 'Tá faitíos orm, faoi na coinníollacha reatha, go bhfuil coimeád sábháilte i mbaol.'

Trí lá ina dhiaidh sin ionsaíodh an príosún. Bhí garda míleata lonnaithe san ospidéal ar a raibh oifigeach agus seisear fear is fiche, ach rinne na maoir gearán gur theip orthu teacht amach go dtí gur éalaigh na príosúnaigh agus nár scaoileadh oiread agus urchar leo ag díorma beag trúpaí a bhí ar dualgas. Ar an láimh eile, nuair a bhí sé ag leagan an mhianaigh ag an mballa, dúirt Éibhear Ó Monacháin gur scaoil beirt naoscach airm air féin agus ar Mhalaici Ó Coinn ar bhalla an phríosúin.

Léiríonn taifid gur éalaigh 105 príosúnach, tuairiscíodh sa *Dundalk Democrat* go raibh thart ar 60 ar ais faoi choimeád taobh istigh de sheachtain.



# AN OPEN LETTER TO RICHARD MULCAHY, T.D.

OGLAIGH NA h-EIREANN—4TH NORTHERN DIVISION,

30TH JULY, 1922.

TO THE MINISTER OF DEFENCE, DAIL EIREANN,

A CHARA,

The War of the Provisional Government for the rights of the people—i.e., the war waged by eight Irishmen, without a mandate from the people and without consulting the representatives of the people, to force Irishmen to take an oath of allegiance to a foreign king, is now in progress for a month. A doped press, the control of the National funds, the economic stress of the men of the country and tactical mistakes of the Anti-Treaty parties have resulted in supplying you with a large Army. That army has captured a large number of towns and prisoners. In one month the troops of the Provisional Government have their opponents on the run in several counties. In another month or two they will probably be on the run in the whole country, and THEN THE WAR WILL COMMENCE IN REAL EARNEST.

Now I often told you during the last seven months that when several different principles were stated to be fundamental the only sure test to guide an Irishman was whether or not by taking a particular course he would develop into a clean, honourable Irish-speaking Irishman. Apply that test to the course being taken by the Provisional Government and its supporters presently and one sees immediately that they are wrong. No Irishman can honourably fight for a Government that stands over the present Constitution. By doing so he would quickly become as rotten and British as the British themselves.

Both the Pro-Treaty and Anti-Treaty parties have been too quick to assume that the people of this country want peace with England at any price. The people want peace between Irishmen. They returned a large majority of the third Dail on the platform of peace between the Civil and Military organizations. They were promised peace, and although a censored press and the difficulty of organizing in war conditions may delay the expression of their opinions, you may be sure that some way will be found to express the preference of both the Army and the people for risking a war with England rather than the war that is at present ruining the Nation morally and financially.

Is mise,

FRANK AIKEN, Taoiseac Ceann Roinne.

Dhearbhaigh Ó hÁgáin roinnt blianta ina dhiaidh sin, dá mba iad sin na geallúintí a tugadh nuair a aontaíodh an Conradh, dá mbeadh sé féin ina bhall den Dáil go mb'fhéidir go vótálfadh sé ina fhabhar. Mheas sé gur cinnte go mbeadh Cogadh Cathartha mar thoradh ar scoilt in ÓnaÉ, rud a tharraingeodh aird ón bhfadhb is mó, dar leis, mar a bhí an chríochdheighilt.

Faoi lár 1922 bhí a chuid amhrais faoin gConradh ag dul i méid ach bhí sé ag fanacht leis an am ceart chun breithiúnas a thabhairt an mbeadh a idéil phoblachtacha le feiceáil i mbunreacht an tSaorstáit.

Ag tús mhí Iúil 1922, bhí teacht éasca ag Ó hÁgáin agus ag oifigigh 4ú an Tuaiscirt ar cheannaireacht an Airm Náisiúnta ó Mhicheál Ó Coileáin agus Risteárd Ó Maolchatha anuas. Bhí 4ú an Tuaiscirt lárnach in iarrachtaí Uí Choileáin an bonn a bhaint de rialtas Thuaisceart Éireann le fórsa fisiciúil. Bhí Ó Coileáin ag iarraidh go nglacfadh Ó hÁgáin le post an oifigigh i gceannas ar aonaid uile ÓnaÉ i gCúige Uladh, tairiscint a dhiúltaigh Ó hÁgáin.

Faoi dheireadh mhí Iúil 1922, bhí na daoine in 4ú an Tuaiscirt nár gabhadh ina dteifigh i bhfolach feadh theorainn an talaimh idir Lú agus Ard Mhacha.

**Bileog chlóite, dar dáta 30 Iúil 1922, 'Litir oscailte chuig Risteárd Ó Maolchatha TD' ó Frainc Ó hÁgáin, Óglaigh na hÉireann, 4ú Rannán an Tuaiscirt ag moladh na síochána idir na faicsin chogaidh sa Chogadh Cathartha**

(Cartlann Chontae Lú, PP00439/)



Today is  
the first news  
you get from  
the world, no newspapers  
from any  
quarters

Dear Jennie

I got your letter & envelope  
(L) safely on Monday morning and  
will have Masses offered as requested  
but as you must be aware we  
had no means of communication  
either by wire, telephone or post  
since and I suppose you must  
think we are dead & buried, but  
thank God we are all alive and  
well both in Madem Place and  
St. Helena and Nellie was here  
this day & is still on foot, I need  
not tell you of our experience  
& all that happened since last  
Monday, as you will have the  
true account in the Democrat  
before perhaps you get this letter,  
as Pat Watters says the post is going  
via Holyhead. The worst time we  
had was on Wednesday night &  
we spent it mostly in the cellar  
as the Irregulars were slipping from

Demadalk  
Friday 18 Aug 18


Litir Esmay Uí Ógáin, 18 Lúnasa 1922 (Cartlann Chontae Lú, PP00011/)

Ba í Bn Esmay Uí Ógáin a scríobh an litir seo chuig a hiníon Jenny Uí Mhathúna i nDroichead Átha. Bhí siopa tobac ag Bn. Uí Ógáin i Sráid Uí Rodáin, in aice le Tábhairne an Chéid, áit a raibh agus atá go fóill 'Túr an Chéid' ina chuid den struchtúr.

Ó Mhí Eanáir 1922 ar aghaidh, lean Frainc Ó hÁgáin, O/C 4ú Rannán an Tuaiscirt, ÓnaÉ, ag glacadh orduithe ón rialtas a bhí ar son an chonartha, cé gur chuir sé in iúl go poiblí go raibh amhras air faoi théarmaí an Chonartha. Nuair a thosaigh troid an Chogaidh Chathartha ar 28 Meitheamh 1922 d'fhógair sé go bhfanfadh a cheantar roinne neodrach, ach mar sin féin bhí iontas mór ann nuair a rinne an tArm Náisiúnta ionradh ar Dhún Dealgan ar an 16 Iúil faoi cheannas Dhónaill Uí Ógáin, agus gabhadh é gan mórán trioblóide. Cuireadh Ó hÁgáin agus an chuid is mó dá chuid fear i bpríosún, agus níorbh fhada gur scaoileadh saor as braighdeanas iad san éalú cáiliúil 'Poll sa Bhalla' ó phríosún Dhún Dealgan ar an 23 Iúil.

Rinne Ó hÁgáin athghabháil ar Dhún Dealgan ar an 14 Lúnasa i ndiaidh cath suntasach, go háirithe i mbeairic an airm, áit ar gabhadh stóir mhóra mhíleata. Bhásaigh seisear fear (cúigear ón Arm Náisiúnta) lena n-áirítear an Captaen Frainc Ó Beirn a luaitear sa litir seo, agus gortaíodh thart ar dhaichead ar an iomlán ón dá thaobh. Rinne an tArm Náisiúnta frithionsaí ar Dhún Dealgan, ag athghabháil an bhaile mhóir gan freasúra suntasach ar an 16ú Lúnasa i ndiaidh don Athair Séamas Mac Eoin a chur ina luí ar Ó hÁgáin gan an baile a chosaint go domhain. Pléascadh buama leoraí, a cuireadh ag acomhal Shráid Phroinsiais agus Shráid an Iarla, díreach timpeall an chúinne ó shiopa Bn. Uí Ógáin. Maraíodh fear amháin, Séamas Mac Aodha Bhuí, sibhialtach a bhí ar a bhealach chun na hoibre sa drioglan, agus rinneadh damáiste suntasach do mhaoin de bharr an phléasctha agus na creachadóireachta ina dhiaidh.

Athscríbhinn



ÓΣΛΑΙΣ ΝΑ Η-ΕΙΡΕΔΗΝ.

PP166/2/40

Αριθ. μο. έασηα.	A. 6032.
Αριθ. μο. έασηα.	

Όειν αν αριθμ. σεο εγασμα το λυαό ες εσηί ουιτ.

ΟΙΠΙΣ: Chief of the General Staff,  
ΒΕΑΡΡΑΙΟ ΠΟΡΤΟΒΕΛΛΟ,

ΒΑΙΤΕ ΑΪΤΑ ΟΛΙΑΪ, 26th. August, 1922. 19

To:  
Joseph Dolan, Esq.,  
Ardee.

A Chara,

I got your letter of 18th. August and only the tragic distractions since have prevented me replying to it.

I think nobody appreciates Frank Aiken's mind and position more clearly or more sympathetically than I do. Frank was not only negotiating with me for "preserving peace in Dundalk" when the Dundalk Barracks was taken by National troops; he was actually doing it to a certain extent, but very dangerous forces were working underground in his ranks, and Frank could not have controlled them and their operations would have brought a much worse state of affairs there.

The present position with regard to Frank and his men is brought about by the same cause as that bringing about the dreadful conditions in other parts of the country, namely, -pure waywardness, futility, and irresponsibility.

Whether it be a <sup>sign of</sup> strength or of weakness, the actual position is that practically the only condition made with regard to the men in your area is that they surrender their arms.

Beir Beannacht,

*Richard Mulcahy*  
GENERAL.  
CHIEF OF THE GENERAL STAFF.

Scríobh Joseph Dolan ó Bhaile Átha Fhirdhia, fear gnó agus náisiúnaí fadó, chuig Risteárd Ó Maolchatha, Ceann Foirne agus Aire Cosanta, ar an 18 Lúnasa. Níor tháinig an litir sin slán, ach is léir gur iarracht a bhí ann tionscnamh síochána a chruthú. Maraíodh Micheál Ó Coileáin i luíochán i gCorcaigh, ar an 22 Lúnasa 1922, agus bhí sé ceithre lá eile sular thug Ó Maolchatha freagra ar Ó Dúláin agus nocht sé gnaíúlacht i leith Uí Ágáin, rud ab iontaí. Is é a dúirt sé '... nach dtuigeann aon duine intinn agus seasamh Frainc Ó hÁgáin níos soiléire ná níos báúla ná mé féin.' Ghéill Ó Maolchatha 'Ní hamháin go raibh Frank i mbun idirbheartaíochta liom chun an tsíocháin a chaomhnú i nDún Dealgan ... bhí sé á dhéanamh go pointe áirithe, mar a tharlaíonn'

Ar an 27 Lúnasa, chuir Ó hÁgáin litir mhothúchánach chuig Ó Maolchatha ag caoineadh bhás Mhichíl Uí Choileáin. Mhaígh Ó hÁgáin go raibh an Coileánach ar tí a fheiceáil go raibh sé ar an mbóthar mícheart. Phléadáil sé le Ó Maolchatha deireadh a chur leis an gcogadh agus thairg sé a shaol féin fiú mar chúiteamh ar an tsíocháin. Sa fhreagra Ó Maolchatha ar an 31 Lúnasa cuireadh dearcadh Uí Ágáin i leith 'staid intinne atá go hiomlán coscartha'.

Ba ag an bpointe seo a dheimhnigh Ó hÁgáin go raibh sé ag cloí leis an taobh a bhí in aghaidh an Chonartha. Sa cheantar ceannais nua a bhí aige áiríodh Muineachán, iarthar an Chabháin agus an Mhí. I gContae Lú, bhí thart ar 250 fear aige chomh maith le 100 fear as Ard Mhacha agus an Dún, i gcoinne 750 go 850 san Arm Náisiúnta

Richard Mulcahy to Joseph Dolan letter, 26 August 1922

(Louth County Archives, PP00166/)



# NOTICE.

## *Oglaigh na h-Eireann*

IRISH REPUBLICAN ARMY

*Field General Headquarters,*

*8th September, 1922.*

The Army Executive wish it made known that while they have no desire to interfere with individuals because they hold opinions opposed to them regarding the present conflict between the Republican Forces and the Provisional Government's Imperial Forces, they hereby give notice to all whom it may concern that Citizens of the Irish Republic conveying information to the enemy which leads to:—

(a) The Death;

(b) The Wounding; or

(c) The Capture of Republican Troops,

will be regarded as Spies and will be liable to the same penalties as those inflicted on Spies previous to the Truce July, 1921.

In some districts also Persons who, though not Officially attached to the Provisional Government's Imperial Forces, are either voluntarily or at the request of these Forces, acting on Committees and inquiring into and giving decisions on cases of persons arrested because of their Republican sympathies. Notice is therefore further given that after the publication of this Notice, all Persons acting on such Committees will be punished as the gravity of each offence demands.

By Order

Army Executive

Scaipeadh an fógra seo le hOrdú Ginearálta Uimhir 6 ÓnaÉ arna shíniú ag Liam Ó Loingsigh chuig 'O/C Gach Rannáin agus Briogáid Neamhspleách'

Áiríodh bás nó díbirt ar na rátaí pionóis.

Cuireadh Ordú Ginearálta Uimh. 6 ar ceal an 24 Samhain 1922, agus d'ordaigh O/Cnna nár chóir 'spairí' a chur chun báis ach amháin i ndiaidh Cúirt Fiosrúcháin Bhriogáide agus an phianbhreith a bheith daingnithe ag an gCeannasaí Roinne.

Litir rabhaidh ó ÓnaÉ chuig Seosamh H Mac Ardail, 8 Meán Fómhair 1922

(Cartlann Chontae Lú, PP00439/)





**Sráid an Chaisleáin Baile Átha Fhirdhia, c.1910**

(Arna atáirgeadh le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Gairmuimhir L\_ROY\_10082)

Rinne ÓnaÉ 'ionsaí fíochmhar diongbháilte' ar bheairic Bhaile Átha Fhirdhia oíche Dé hAoine 3 Samhain 1922. Tuairiscíodh gur tharla

*scaoileadh raidhfílí ar an mbeairic ó chúl oifig an phoist díreach os comhair na beairice ... breathnaíodh ar thriúr de na hionsaitheoirí ar dhíon cothrom siopa éadaigh fairsing an Uas. T Táth ... ag scaoileadh go tréan le raidhfílí. Caitheadh buamaí ón treo céanna ag ceathrúna na n-oifigeach ach níor briseadh ach gloine sna fuinneoga. Thug na trúpaí freagra tréan ar lámhach an namhad.*

Cuireadh buama ar an gcosán a rinne damáiste mór do thithe agus do shiopaí in aice láimhe.

Lean an t-ionsaí ar aghaidh ar feadh trí uair an chloig, ar dearbhaíodh lena linn gur dhiúltaigh an garastún d'achainíocha ó cheannaire na n-ionsaitheoirí géilleadh, agus mar fhreagra air sin mhol ceannasaí ÓnaÉ dóibh a gcuid paidreacha a rá agus bhagair sé 'go dtógfaí amach marbh iad.' I ndiaidh trí uair an chloig tharraing na hionsaitheoirí siar.



Muchgrange  
Greenore  
Friday

Sir,

I see by the Independent where the Army Pensions Act is now going on, and I apply for application form, to fill for the loss of my son, James Boyle who was a Captain in the Free State Army, and was killed in ambush on the road ~~to~~ from Greenore where he was in charge of the garrison there, on 24<sup>th</sup> Nov 1922.

Obliged

Mrs Mary Boyle (James)  
Muchgrange  
Greenore

Bhí Séamas Ó Baoill in Óglaigh na hÉireann ó 1917 amach, agus ceapadh é ina O/C ar Chomplacht Chuailgne, ÓnaÉ. Chuaigh sé isteach san Arm Náisiúnta nuair a bunaíodh é. Maraíodh é i luíochán i gCarraig an Mharasclaigh ar 4 Samhain 1922, in éineacht leis an Sáirsint Peadar Ó Tréinfhir as Co. Mhuineacháin. Dúradh i dtuairisc go raibh Bn. Uí Bhaoill ar an gcaolchuid, agus go raibh seachtar leanaí eile aici, a raibh duine díobh, Tomás 21 bliain d'aois, ball den Gharda Síochána, i ndiaidh bás a fháil ar an 13 Márta 1924.

Fuair Bn. Uí Bhaoill aisce £100 in 1924. In 1953 i ndiaidh athruithe ar rialacháin na bpinsean cogaidh, bronnadh pinsean bliantúil £180.00 sa bhliain uirthi. D'éag Bn. Uí Bhaoill in 1955.

Baintreach fir ab ea an Sáirsint Peadar Ó Tréinfhir a raibh triúr leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois aige, agus bhí sé in arm na Breataine le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

Litr fiosrúchán pinsean ó Máire Uí Bhaoill, maidir lena mac, an Captaen Séamas Ó Baoill, an Grianfort, a maraíodh i luíochán ar an 4 Samhain 1922

(Íomhá le Caoinead na Cartlainne Míleata / MSPC, MA W2 D174)



"You're sick of the game"! Well now,  
that's a shame.

You're young, and you're brave and  
you're bright;

"You've had a raw deal"! I know - but  
don't squelch.

Buck up, do your damndest and  
fight.

It's plugging away that will win you  
the day

So don't be a piker, old pard!

Just draw on your grit! It's no  
easy to quit:

It's keeping your chin up that's hard.


Maryborough Prison  
1/4/22

Sean M. Boy  
Mullaghbaron  
Dear dalk

Gortaíodh agus gabhadh Seán Mac Aodha, aidiúnach cumasach Uí Ágáin, le linn Chogadh na Saoirse. Nuair a scaoileadh saor é ceapadh é ina Oifigeach Idirchaidrimh Sos Cogaidh do Chontae Ard Mhacha, agus nuair a d'éirigh sé as, d'fhill sé ar phost Aidiúnach 4ú Rannán an Tuaiscirt, a raibh a cheanncheathrú i nDún Dealgan ag an am. Bhí sé thar oíche i mBaile Átha Cliath ar 15 Iúil 1922 agus sheachain sé gabháil nuair a rinneadh ionradh ar Dhún Dealgan. Ag tarraingt a raibh fágtha de 4ú an Tuaiscirt le chéile, phleanáil sé agus sheol sé an ruathar a scaoil Ó hÁgáin agus 104 fear as príosún Dhún Dealgan, ach gabhadh é féin sa phróiseas. Scaoileadh saor ón imtheorannú é in 1924 agus ba ghairid go raibh sé ina O/C ar 4ú Rannán an Tuaiscirt. Chuaigh sé isteach i státseirbhís na hÉireann agus Frainc Ó hÁgáin, a bhí ina Aire Cosanta ag an am, cheap sé é ar Bhord Pinsean na Seirbhíse Míleata agus ina dhiaidh sin d'oibrigh sé i mBiúro na Staire Míleata ag bailiú ráitis ó ghníomhaithe 1912-23.

Leathanach ó Phríosún Maryboro (Port Laoise) Leabhar ó lámh an údair ag léiriú véarsa ag Sean Mac Aodha ón Mhullach Bán, Co. Ard Mhacha a shínigh é ar 1 Nollaig 1922 (arna atáirgeadh le caoinchead taisceoir príobháideach, Cartlann Chontae Lú, PP00462/)





**In. A Ní Mhaoilchiaráin An tAcht Uimh 2 um Shábháilteacht Phoiblí (Cumhachtaí Práinne), 1923, a síníodh ag Risteárd Ó Maolchatha**  
(Cartlann Chontae Lú, PP00231/)



**Grianghraf de Chaitlín Ní Deá, Annie Ní Mhaoilchiaráin, agus A Nig Eoin baill de Chumann na mBan, 1922-24**  
(Cartlann Chontae Lú, PP00412/)

Ar an 7 Eanáir 1923 gabhadh Annie Ní Mhaoilchiaráin, Eibhlín Nic Gairbheith, agus Séamas Ó Maille, Tomás Ó Leannáin, arb as Dún Dealgan ar fad iad, i gcarr ar le fear gnó mór le rá agus tacadóir rialtais é, Bearnárd Ó Ruairc as Inis Caoin. Dúradh i dtuarascáil mhíleata go bhfuarthas gunna agus armlón ar dhuine de na paisinéirí, bean, a bhí ag iompar teachtaireachtaí fosta.

Cuireadh Annie Ní Mhaoilchiaráin i bpríosún Mhuinseo, Baile Átha Cliath go dtí Bealtaine 1923, ansin in Aontas Bhaile Átha Cliath Thuaidh go dtí an 28 Samhain 1923. Chuaigh sí ar stailc ocrais trí huair, an ceann ab fhaide ar feadh 19 lá i nDeireadh Fómhair/Samhain 1923. Dúirt Annie Mhig Uidhir, a O/C i gCumann na mBan, gurbh í ‘an ball ba ghníomhaí de Chumann na mBan sa cheantar í agus cé go raibh a deartháir faoi phianbhreith bháis lean sise ar aghaidh mar ba ghnách.

Ar an lá tar éis na ngabhálacha, cuireadh Sylvester Ó hÉanaí as Baile an Diolúnaigh, Dún Léire chun báis i mBaile Átha Cliath ar 8 Eanáir 1923. Ar an 13 Eanáir, chuir scud lámhaigh Tomás Mac Eoin as Baile Mhic Dónaill, Baile na Lorgan, Seán Mac an Ultaigh as Béal Leice, Contae Ard Mhacha, agus Tomás Ó Muirí as Cill an Chairn, an Uaimh, Contae na Mí, chun báis i bpríosún Dhún Dealgan.

Ar an 22 Eanáir 1923, cuireadh Séamas Ó Máille, Tomás Ó Leannáin as Dún Dealgan a gabhadh le hAnnie Ní Mhaoilchiaráin agus Seosamh Mac Fhearghais ón Tiarnas, Co. Lú, chun báis i mbeairic airm Dhún Dealgan.

Fuarthas gach duine a cuireadh chun báis i nDún Dealgan ciontach in ábhar míleata a bheith ina seilbh, ní as é a úsáid i ndáiríre.





**Grianghraf de Theach Mhainistir an Chnoic i ndiaidh a dhóite i Márta 1923**

(arna atáirgeadh le caoinhead taisceoir príobháideach)

Mar fhreagra ar an líon daoine a cuireadh chun báis i nDún Dealgan, cuireadh tús le feachtas dóite tí. Scríosadh Teach Bhaile Mhílis in aice le Baile an Ghearlánaigh a bhí i seilbh an Mhaoir de Brú ar an 29 Eanáir 1923 ar an mbonn gur ‘... Ball mór le rá d’Aontas Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann ab ea an Maor de Brú agus dódh an teach mar dhíoltas as teip Aontas Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann agóid a dhéanamh in aghaidh na mbásuithe a rinne an Rialtas.’

Dódh go talamh Teach Clermont ar an gCarraig Dhubh, Dún Dealgan, ar leis an gCornal Séarlas Dáibhis Mac Aonghusa, Ard-Sirriam Chontae Lú é in 1918, ar an 2 Feabhra. Níor tugadh aon chúis.

Dódh Teach Bhaile na gCasán in Áth na gCasán, ar le JJ Ruiséil é, foshirriam an chontae, ar 2 Feabhra 1923 ‘toisc go raibh sé ina oifigeach de chuid an Rialtais agus mar dhíoltas as na daoine a cuireadh chun báis le déanaí sa chontae’.

Scríosadh Teach Áth na Sceach in aice le Cnocán Aoibhinn ar le AN Ó Sioradáin Ceannaire Rannáin é ar an 10 Feabhra de bhrí ‘gur oifigeach de chuid an Rialtais é an tUas Ó Sioradáin’. Bhí Ó Sioradáin i ndiaidh faoiseamh nach beag a eagrú ag do na teifigh as Béal Feirste a tháinig ina sluaite go Lú le roinnt blianta roimhe sin.

Scríosadh Mainistir an Chnoic ar le muintir Uí Raghallaigh é, ceann de na príomhtheaghlaigh Chaitliceacha i gContae Lú, ar an 2 Márta.





**Grianghraf den traein a cuireadh de na ráillí ar líne MIT ó Dhún Dealgan go hInis Ceithleann**  
(arna atáirgeadh le caoinchead Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, uimhir ghlaio NPACW11)

Le linn an Chogaidh Chathartha, rinneadh ionsaí go minic ar bhonneagar iarnróid, rinneadh damáiste do dhroichid agus do línte, agus cuireadh innill ghluaiste de na ráillí.

Rinne Cuideachta Mhór-Iarnród an Tuaiscirt gearán go ndearna ÓnaÉ frith-Chonartha seasca ruathar ar an iarnród i gceantar Dhroichead Átha amháin, idir Márta agus Lúnasa 1922, de bhun bhaghat Bhéal Feirste.

I mBealtaine 1923 tugadh isteach scéim chúitimh mar gheall ar dhamáiste a rinneadh do mhaoin idir Iúil 1921 agus Iúil 1923. Taisceadh 856 éileamh i gCo Lú. Bhain thart ar 200 éileamh le damáiste do na hiarnróid nó le hearraí a bhí á n-iompar ar an iarnród i gCo Lú.

Is féidir comparáid neamhfhabhrach a dheanamh idir an 856 éileamh sin agus 281 i Muineachán, 271 sa Mhí, agus 296 sa Chabhán, agus chuir siad Lú san ochtú háit go náisiúnta ó thaobh líon na n-éileamh a taisceadh.



JOHN B. HAMILL, M.A., LL.B.  
STATE SOLICITOR  
FOR COUNTY LOUTH.  
TELEPHONE No. 108

*W. B. H.*  
*10/11/24*  
Court House Square,  
Dundalk.

9th January, 1924.

re John H. Clinton, Rokeby Hall, Dunleer.

A Chara,

I have received a report in this case from the Board of Works, in which their investigator recommends the sum of £908: 0: 8d. in settlement of this claim. The claim was for the destruction of a Saw Mill, Machinery, and a stock of Timber. The Board of Works investigator's report is made up as follows:-

Shed	£190 : 0 : 0
Founds, Boxing & Tables	£130 : 0 : 0
Belts, Pulleys & Shafting	£112 : 10 : 2
Saw Benches	£222 : 0 : 0
Stock destroyed	£105 : 0 : 0
Circular Saws destroyed	£ 75 : 12 : 6
Sundries	£ 17 : 10 : 0
Total	£852 : 12 : 8
6½% Engineers & Surveyors fees	55 : 8 : 0
	£908 : 0 : 8

*852-12-8*  
*122-10-0*  
*730-2-8*

I had an interview with the applicant and his Solicitor and have settled the case subject to your approval for £825. A question arose at our interview in reference to a re-instatement condition. Mr. Clinton explained that he had erected a new Shed on the site of the old one, and that it cost him over £200 to erect the Shed, but that it was not quite as large as the old Shed. He also stated that he had replaced most of the Machinery, and that he commenced work immediately after the fire. I therefore consider that it would not be fair to have a re-instatement condition attached to the Decree. Of course settlement in this case is entirely subject to proof by applicant that the claim comes within the Damage to Property Compensation Act.

An early reply will much oblige.

Mise, le meas,

Secretary,  
Ministry of Finance,  
DUBLIN.

*John B. Hamill*

*Attached to 20/1/24*

I mBealtaine 1923 thug Saorstát Éireann scéim chúitimh isteach nach raibh infheidhme ach amháin maidir le damáiste a rinneadh do mhaoín agus ní le haghaidh díobhálacha pearsanta ó Iúil 1921 go Iúil 1923.

Bhí iliomad éilimh éagsúla ann, agus níos mó éileamh á dtarraingt ag oibríochtaí móra. Spreag ionsaí ÓnaÉ ar Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia ar an 3 Samhain 1922, ceithre éileamh cúitimh is fiche ar a laghad as damáiste d'fhoirgnimh srl. i lár bhaile Bhaile Átha Fhirdhia.

Is éilimh bheaga a bhí ina mórchuid, scrios féir, trap capaillíní, gearrthóir tornapa, dhá scioból agus tuí trí thine ar an 6 Márta 1922 i dTearmann Feichín nó urghabháil agus damáiste a rinne fir armtha, arbh ionadaithe de chuid ÓnaÉ iad, do ghluaisteán i nDroichead Átha, Contae Lú. ar an 2 Aibreán 1922.

D'fhéadfadh dílseoirí a mheas go ndearnadh íospairt orthu éileamh a dhéanamh fosta ar Choiste Deontais Éireannacha Rialtas na Breataine. Rinneadh sé cinn déag d'éilimh dá leithéid ó dhaoine a bhí ina gcónaí i gCo Lú, diúltaíodh do cheathrar agus níor leanadh ar aghaidh le ceann amháin. Bhí cúiteamh faighte cheana féin ó chúirteanna na hÉireann ag ceathrar éilitheoirí, JJ Ruiséil, Uilliam de Brú, Séarlas agus Lúsaí Mac Aonghusa.

San iomlán, is 856 éileamh cúitimh ó Lú a próiseáladh trí chúirteanna na hÉireann

Doiciméad éilimh ar chúiteamh a bhaineann le Halla Rokeby, baile

Chlontún, Seán H (arna atáirgeadh le caoinhead ó Stiúrthóir Chartlann Náisiúnta na hÉireann, NAI/FIN/COMP/2/15/217)



**THE ELECTORAL ACT, 1923.**  
**CONTESTED ELECTION.**  
**COUNTY CONSTITUENCY OF LOUTH.**  
**PUBLIC NOTICE.**

I, the undersigned, being the Returning Officer for the County Constituency of Louth, in pursuance of Rule 8 in the Fifth Schedule to the Electoral Act, 1923, hereby give notice that the Poll in the above Constituency will be taken on the 27th day of August, 1923.

The Names of the Candidates, and other particulars of such Candidates as described in their respective Nomination Papers, and the Names of the persons who subscribed such Nomination Papers are as follows:—

Family Name	Other Names	Address	Rank, Profession, or Occupation	Names of Persons who subscribed the Nomination Paper
AHERN	FRANK	Dublin	Chief of Staff, Irish Republican Army.	Philip John Daly Patrick Carroll
LUQUERS	PETER	24 Park Street, Dundalk, Co. Louth	Farmer and Vintner.	Rt. Rev. Patrick Segrave Very Rev. B. Canon Donnellan
McGHEE	PATRICK	Charleville, Dunleer	Farmer.	Patrick Connolly Nicholas Tierney Murphy
MURPHY	JAMES EDWARD	60 West Street, Drogheda, Co. Louth	Draper.	Rt. Rev. Patrick Segrave Very Rev. B. Canon Donnellan
O'SHANNON	CATHAL	88 Philshoro' Road, Dublin	Trade Union Official.	James Coburn Owen Clarke

And I further give notice that the Names of such Candidates will be printed in the Ballot Paper in the order in which they appear in this notice.

Dated this 18th day of August, 1923.

**J. J. RUSSELL, Returning Officer.**

Cuireadh an seasamh ar son an Chonartha os comhair na dtoghthóirí i dtéarmaí ábhartha agus reachtaíochta agus 'thairg sé rud beag éigin do gach duine a ghlac leis an gConradh tríd is tríd.' An uair seo bhí Lú as féin mar dháilcheantar. Ainmníodh cúigear iarrthóirí do na trí shuíochán.

Is fiú a lua gur 'Ceann Foirne, Arm Poblachtach na hÉireann' an cur síos soiléir a tugadh ar chéim, gairm nó slí bheatha Uí Ágáin.

Is fiú a lua fosta gur loisc poblachtánaigh teach JJ Ruiséil, an ceann comhairimh, ar an 2 Feabhra 1923, mar dhíoltas ar na daoine a cuireadh chun báis i nDún Dealgan.

Níor tharla aon trioblóid le linn thoghchán Lúnasa 1923 féin. Chuaigh seachtó a cúig faoin gcéad de na vótaí céadrogha i gContae Lú chuig iarrthóirí a bhí ar son an Chonartha.

Fuair Frainc Ó hÁgáin an vóta le 6,651 (25%) céadrogha, agus ní raibh Cathal Ó Seanáin, an Teachta Dála a bhí ag dul as oifig, in ann ach 2,517 a bhaint amach. Fuair Ó hÁgáin roinnt vótaí i ndeisceart an chontae ach fuair sé tacaíocht láidir i leithinis Chuailgne.

Iarrthóirí a bhí ar son an Chonartha, Peadar Mac Aodha as Dún Dealgan agus Pádraig Mag Aoidh as lár Lú a thóg an dá shuíochán eile.

Fógra ó Dundalk Democrat maidir le hiarrthóirí san olltoghchán ar an 27 Lúnasa 1923, Iúil 1923





Trúpaí ag Bothán na gCustam ar Bhóthar an Iúir 1923 (Foinse: Ó Cuireáin)

Roimh dheireadh an Chogaidh Chathartha, ghlac rialtas an tSaorstáit a bhí faoi bhrú airgid ar an 1 Aibreán 1923 freagracht as dleachtanna custaim agus máil a bhailiú agus a choinneáil. Tugadh isteach srianta ar thrácht trasteorann idir thrácht tráchtála agus neamhthráchtála. Ní raibh cead earraí a iompórtáil seachas ag stáisiúin cheadaithe, ná lasmuigh de na hamanna 9 r.n. go 5 i.n., ná ag an deireadh seachtaine, ná ar laethanta saoire poiblí.

B'éigean don tseirbhís Chustaim, nach raibh baint aici leis an loingseoireacht roimhe seo, í féin a athchumrú anois chun déileáil leis an tasc deacair teorainn talún 360 míle a rialú. I Lú, rialaíodh an teorainn ó chúig stáisiún patróil agus ceadaíodh cúig phointe trasnaithe chun trádáil trasteorann a éascú

## FREE STATE CUSTOMS BARRIER

AGAINST NORTHERN IRELAND

TO OPERATE FROM APRIL 1

AGRICULTURAL PRODUCE TO  
GO FREE.

The Irish Free State Government has decided to set up a Customs Frontier between its territory and that of Northern Ireland.

The new arrangement will come into force on and after the first day of April next.

For this purpose, pending a decision as to the future boundary line, a temporary frontier will be placed along the boundary line between the six Northern and the twenty-six Southern counties.

Ceannlíne san Irish Times ar Thuairisc Chustam, 23 Feabhra 1923

Cuireadh isteach ar phatrúin trádála fhadbhunaithe. Tháinig difreálaigh chun cinn i bpraghsanna tráchtearraí idir na dlínsí, rud a chuir dlús mór le trádáil i dtáirgí smuigleáilte.

Murab ionann agus an dóchas agus na hionchais bhunaidh, d'fhan poist chustaim agus rialuithe i bhfeidhm ar an teorainn ar feadh beagnach seachtó bliain agus níor cuireadh deireadh leo ach ar an 1 Eanáir 1993 nuair a tugadh isteach Margadh Aonair an AE



Gheofar tuilleadh faisnéise faoi bhailiúcháin ar leathanach gréasáin ár mBailiúchán Cartlainne agus sa chatalóg ar líne: [www.louthcoco.ie](http://www.louthcoco.ie)

Más mian leat féachaint ar na cartlanna i gCartlann Chontae Lú, ní mór duit coinne a dhéanamh roimh ré.

Ba mhór ag an tSeirbhís dá mbronnfaí aon earraí cartlainne orthu (mar shampla, litreacha, grianghraif, dialanna, cuimhneacháin toghcháin) ó dhaoine príobháideacha.

**Seirbhís Cartlainne Chontae Lú**

An Sean-Phríosún, Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia

Dún Dealgan, Co Lú

A91 PY17

Ríomhphost: [archive@louthcoco.ie](mailto:archive@louthcoco.ie)

Teil: +353 (0)42 9324358



Comhairle Contae **Lú**  
**Louth** County Council

